# Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – Straitéis Mhacrairéigiúnach do Réigiún Shléibhte Cairp

| |
|---|
| **Rapóirtéir**: Władysław ORTYL (PL/ECR), Uachtarán ar Réigiún Podkarpackie |

**MOLTAÍ BEARTAIS**

TÁ COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN

**Ról na straitéisí macrairéigiúnacha i ndáil le comhtháthú an Aontais Eorpaigh a bhaint amach**

1. ag meabhrú go gcuireann forálacha i gConarthaí an Aontais ([1]) ceangal ar an Aontas Eorpach gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a shaothrú d'fhonn a chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú;

2. den tuairim go gcuidíonn straitéisí macrairéigiúnacha dul i ngleic le dúshláin choiteanna atá roimh limistéir shonracha, a thuigtear iad i gcomhthéacs geografach trasteorann leathan. Trí acmhainneacht na réigiún trasteorann a chomhthiomsú, cuireann na straitéisí go mór le comhtháthú críochach a bhaint amach idir tíortha agus réigiúin ([2]). Tugann an Coiste dá aire go léiríonn an próiseas maidir le straitéisí macrairéigiúnacha a chruthú forbairt nádúrtha an Aontais Eorpaigh agus é mar an chéad chéim eile chun comhar a neartú idir tíortha, réigiúin agus pobail áitiúla thar theorainneacha;

3. ag cur i bhfios go láidir gur ionstraim rialachais il-leibhéil atá i straitéisí macrairéigiúnacha, lena dtugtar le chéile gníomhaíochtaí comhlachtaí a dhéanann ionadaíocht ar an Aontas Eorpach agus ar na leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla i dtaca le cuspóirí sonracha. Ina theannta sin, cuireann siad feabhas ar chomhlántacht straitéisí polaitiúla éagsúla agus cláir atá ainmnithe agus curtha chun feidhme ag leibhéil éagsúla rialachais. Tá breisluach suntasach ag baint leis an gcomhthiomsú acmhainneachta atá sainithe go comhpháirteach agus le comhordú gníomhaíochtaí a bhfuil sé mar aidhm leo deireadh a chur le bacainní roimh an bhforbairt.

4. ag aithint go bhfuil ról tábhachtach ag straitéisí macrairéigiúnacha sa phróiseas maidir le comhtháthú an Aontais Eorpaigh a dhoimhniú trí dhlús a chur le próisis forbartha ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil. Is féidir é sin a dhéanamh toisc go bhfuil an deis ann taithí a mhalartú agus dea-chleachtais rathúla a aistriú sna tíortha agus sna réigiúin atá cumhdaithe leis an straitéis sin. Cruthaítear leis sin na coinníollacha maidir le dlúthpháirtíocht Eorpach agus an fhreagracht as forbairt an mhacrairéigiúin ina iomláine, rud a fhágann gur féidir dearcadh faoi leith a shárú agus an macrairéigiún ina iomláine a thuiscint i gcomhthéacs níos leithne. Ina theannta sin, cuireann siad dlús le tionscnaimh de chuid pobal áitiúil agus réigiúnach, le go mbeidís in ann smaointe Eorpacha a thabhairt níos gaire do na saoránaigh;

5. ag aithint go bhfuil ról lárnach ag údaráis áitiúla agus réigiúnacha i gcur chun cinn an daonlathais, an díláraithe agus féinrialtais áitiúil agus réigiúnaigh, tugann an Coiste dá aire a rannpháirtíocht i straitéisí macrairéigiúnacha atá ann cheana agus an próiseas maidir le húdaráis nua a chur ar bun. Sa lá atá inniu ann, is uirlis ón mbun aníos atá i straitéisí do chomhar críochach agus tá siad bunaithe ar rannpháirtíocht ó eintitis áitiúla agus réigiúnacha agus ón tsochaí shibhialta. Trí ghníomhaíochtaí comhpháirteacha atá dírithe ar spriocanna straitéisí macrairéigiúnacha a bhaint amach, cuirtear ardán comhair ar bun a chuireann an luach Eorpach chun cinn, prionsabail dhaonlathacha a neartú agus caighdeáin maidir le bainistiú forbartha réigiúnaí a ardú, lena n-áirítear samhail rialachais il-leibhéil a fhorbairt.

([1]) Lena n-áirítear Teideal XVIII den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

([2]) Mar aon le hionstraimí eile, amhail an Ghrúpáil Eorpach um Chomhar Críochach (GECC), clár Interreg nó an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht.

**Sléibhte Cairp mar mhacrairéigiún Eorpach ar leith**

6. ag meabhrú go gcumhdaítear le Sléibhte Cairp 190 000 $km^2$, rud a fhágann gurb é an dara réigiún sléibhtiúil is mó san Eoraip i ndiaidh na nAlp, agus tá 68 milliún duine ina gcónaí ann. Is sliabhraon aonchineálach iad Sléibhte Cairp a bhfuil dhúshláin agus féidearthachtaí sonracha rompu ó thaobh forbartha de i ngeall ar a saintréithe geografacha;

7. ag leagan béim ar na hacmhainní ar leith atá ag Sléibhte Cairp, amhail saibhreas nádúrtha, oidhreacht ilchultúrtha uathúil, acmhainní daonna agus comhfhéiniúlacht na bpobal sléibhe, lena dtugtar an deis oibriú i gcomhar le chéile agus forbairt shocheacnamaíoch a áirithiú sa cheantar seo atá níos dinimiciúla, níos inbhuanaithe agus níos cothroime;

8. ag cur i bhfáth a thábhachtaí atá Sléibhte Cairp i bhfianaise an ardleibhéil bithéagsúlachta atá iontu agus caomhnú an chomhshaoil nádúrtha, rud atá uathúil ar leibhéal an Aontais. Is cuid d'oidhreacht na hEorpa é an réigiún a chaithfear a chosaint do na glúine a bheidh ann amach anseo. Dá bhrí sin, tá oibleagáid ann bealaí iomchuí a aimsiú le haghaidh forbairt eacnamaíoch ionas gur féidir an oidhreacht sin a chaomhnú agus a chosaint. Ní mór, dá bhrí sin, gníomhaíochtaí eintiteas ar gach leibhéal rialtais a chomhordú sa réimse seo, agus aird a thabhairt ar chineál trasteorann na saincheisteanna comhshaoil;

9. ag aithint acmhainneacht sochaithe arsa de chuid Shléibhte Cairp agus cultúr saibhir na réigiún sléibhtiúil atá ann mar gheall ar thionchar an Oirthir agus an Iarthair, taithí chomhchoiteann agus traidisiúin thréadacha. Le tionscnaimh reatha maidir le hoidhreacht chultúrtha chomhroinnte ([3]) a chaomhnú agus a chur chun cinn, léirítear an mhóracmhainneacht a thugann pobail áitiúla le chéile. Tá sé ríthábhachtach i réigiún Shléibhte Cairp go ndéanfar cearta na mionlach eitneach a urramú agus a n-oidhreacht chultúrtha a chaomhnú.

10. ag tabhairt dá aire go bhfuil cuid mhór de na réigiúin is boichte sna Ballstáit lonnaithe i macrairéigiún Shléibhte Cairp agus tá an OTI *per capita* i bhformhór díobh faoi bhun 50 % de mhéan an Aontais. Ní féidir leo forbairt mar is ceart mar gheall ar an áit fhorimeallach ina bhfuil siad lonnaithe i ndáil le hIonaid Forbartha Eorpacha, naisc cumarsáide nár forbraíodh mar ba cheart mar gheall ar an tír-raon sléibhtiúil agus bacainní teorann atá ann le blianta anuas. Gné eile is ea an easpa bonneagair a eascraíonn as roinnt blianta de thearcinfheistíocht agus próisis le haghaidh claochlú eacnamaíoch, mar aon leis an bhfaillí a rinneadh in acmhainneacht forbartha.

11. ag aithint go bhfuil sé riachtanach béim a leagan ar riachtanais shonracha de chuid réigiúin Shléibhte Cairp agus leas a bhaint as an acmhainneacht inginiúil ar leith atá sa mhacrairéigiún. Má dhéanann tíortha agus réigiúin i Sléibhte Cairp comhar comhpháirtíochta a ghlacadh, féadfar gníomhaíochtaí a chur in oiriúint do dhálaí forbartha ar leith agus do na riachtanais a eascraíonn as a ndálaí sóisialta, stairiúla, bonneagair agus geopholaitiúla;

12. den tuairim go dtarraingeofaí béim ar an bhfadhb atá ann dá ndíreodh an Coimisiún Eorpach ar Shléibhte Cairp i ndoiciméad straitéiseach agus go mbeadh sé indéanta leas a bhaint as an acmhainneacht dhíomhaoin uathúil atá ag an macrairéigiún ar fad trí ghníomhaíochtaí a dhíriú ar na fadhbanna agus na dúshláin chothrománacha is tábhachtaí atá ann;

13. ag meabhrú gur réigiún fíorthábhachtach geopholaitiúil é réigiún Shléibhte Cairp ina bhfuil leasanna straitéiseacha polaitiúla agus eacnamaíocha d'oirthear na hEorpa agus d'iarthar na hEorpa ag trasnú a chéile. Ba é sin an cás go háirithe i ndiaidh mhéadú an Aontais Eorpaigh in 2004, toisc go raibh sé ina chuid den teorainn in oirthear an Aontais feasta.

14. ag tabhairt le fios go gcuimsíonn macrairéigiún Shléibhte Cairp Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh, mar aon leis an Moldóiv, an tSeirbia agus an Úcráin, rud a fhágann gur féidir comhtháthú idir tíortha de chuid an Aontais a mhéadú, agus tionchar a imirt ar thíortha comharsanachta trí iad a dhéanamh rannpháirteach i gcomhar níos doimhne;

([3]) D'fhéadfaí tionscadail a chur i gcrích laistigh de chláir ETC atá ann faoi láthair, lena n-áirítear cláir a reáchtálann údaráis áitiúla agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha.

**Straitéis mhacrairéigiúnach do Réigiún Shléibhte Cairp a bhunú**

15. ag aithint an réimse tionscnamh atá déanta ar leibhéil éagsúla ag go leor grúpaí chun straitéis mhacrairéigiúnach do Réigiún Shléibhte Cairp (Straitéis Shléibhte Cairp) ([4]) a fhorbairt agus go dtugtar tacaíocht mhór don smaoineamh sin ([5]). Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil na tionscnaimh seo déanta ag rialtais, parlaimintí réigiúnacha, údaráis réigiúnacha agus bhardasacha agus pobail áitiúla;

16. sásta go ndearnadh na doiciméid uile a ghlacadh ar bhonn idirphlé idir geallsealbhóirí sonracha mar chuid den phróiseas amach anseo agus gur cuireadh cineál trasnáisiúnta, idir-réigiúnach agus áitiúil na straitéise san áireamh. Is fianaise é sin ar chomhlántacht na ngníomhaíochtaí a rinneadh agus d’fhéadfaí go mbeadh an stráitéis mhacrairéigiúnach do Réigiún Shléibhte Cairp ag brath air seo amach anseo.

17. ag moladh na ngníomhaíochtaí a rinneadh chun an Creat-Choinbhinsiún maidir le Cosaint agus Forbairt Inbhuanaithe Shléibhte Cairp (Coinbhinsiún Sléibhte Cairp) a chur chun cinn, ar comhaontú idirnáisiúnta ilpháirtí é maidir le réigiún Shléibhte Cairp a bunaíodh ar phrionsabail chonartha an dlí idirnáisiúnta. Tá sé d’oibleagáid ar pháirtithe sa choinbhinsiún oibriú i gcomhar le chéile agus beartas cuimsitheach a shaothrú maidir le cosaint agus forbairt inbhuanaithe Shléibhte Cairp agus, san am céanna, cuspóirí agus forálacha an Choinbhinsiúin a áireamh ina mbeartais earnála féin (cuir i gcás, i dtaca le pleanáil spáis, an talmhaíocht, an fhoraoiseacht, an t-iompar agus an turasóireacht), comhordú níos fearr a dhéanamh maidir leis na beartais seo agus cur chuige comhtháite a chur i bhfeidhm maidir le bainistiú acmhainní talún.

18. ag tabhairt dá aire gur sásra bainistíochta il-earnálach é Coinbhinsiún Sléibhte Cairp a chlúdaíonn réigiún Shléibhte Cairp agus lenar féidir comhtháthú idir-earnálach agus rannpháirtíocht forleathan na ngeallsealbhóirí ó leibhéil éagsúla (náisiúnta, réigiúnacha, neamhrialtais, etc.) a áirithiú. Is féidir na caighdeáin chomhair il-leibhéil a forbraíodh, mar aon leis na cúig phrótacal théamacha maidir leis an gCoinbhinsiún ([6]) a d’eascair as na caighdeáin sin ([7])a úsáid mar chuid thábhachtach de chomhar breise;

19. ag moladh taithí agus éachtaí réigiúin Eorpaigh Shléibhte Cairp, a bunaíodh in 1993 mar thionscnamh sochpholaitiúil arna thacú ag rialtais i dtíortha Shléibhte Cairp, agus is é an eagraíocht is mó a thacaíonn le forbairt shocheacnamaíoch sa réigiún seo. Le níos mó ná 26 bliana de thaithí, rinneadh struchtúr comhair trasearnála, idirnáisiúnta agus speisialaithe a mhúnlú ina bhfuil breis is 1 000 eintiteas páirteach.

20. ag tabhairt dá aire gur chuir Coiste Eorpach na Réigiún an Grúpa Idir-Réigiúnach Shléibhte Cairp ar bun i mí Feabhra 2016, ina bhfuil ionadaithe údarás áitiúil agus réigiúnach ó na tíortha ábhartha rannpháirteach agus go bhfuil suim acu straitéis mhacrairéigiúnach a fhorbairt do Réigiún Shléibhte Cairp;

21. ag déanamh tagairt dá thuairim maidir le straitéisí macrairéigiúnacha, amhail straitéis na Danóibe: creat chun cnuasaigh trasnáisiúnta a chur chun cinn ([8]), ina molann an Coiste straitéis a fhorbairt do Shléibhte Carip agus ina gcuireann sé in iúl go gcuirfeadh straitéis mhacrairéigiúnach do Réigiún Shléibhte Cairp go mór leis na tionscnaimh atá ann cheana, amhail Coinbhinsiún Sléibhte Cairp agus réigiún Eorpach Shléibhte Cairp, agus go bhféadfaí, dá bhrí sin, leas a bhaint as an gcomhar atá ann cheana idir na húdaráis ar gach leibhéal.

22. ag tabhairt le fios gurb é príomhchuspóir straitéis Shléibhte Cairp an t-ardluach atá ag an gceantar ó thaobh an dúlra de a chaomhnú agus dlús a chur le hiomaíochas agus tarraingteacht an mhacrairéigiúin ar bhonn a oidhreachta cultúrtha agus nádúrtha uathúla, acmhainneacht inmheánach forbartha inbhuanaithe an réigiúin agus d’fhonn buntáiste iomaíoch a chruthú. Dá bhrí sin, ní foláir caighdeán maireachtála agus cáilíocht saoil na ndaoine a bhfuil cónaí orthu i réigiún Shléibhte Cairp a mhéadú agus, san am céanna, acmhainní éiceolaíocha uathúla an réigiúin a chaomhnú.

---

([4]) Luadh an straitéis maidir le Sléibhte Cairp le linn na gcomhdhálacha dar teideal “Europe of the Carpathians”, atá á n-eagrú ó 2011 i leith. Mar chuid den Fhóram Eacnamaíoch in Krynica, eagraítear díospóireachtaí painéil atá dírithe ar an straitéis maidir le Sléibhte Cairp agus bíonn comhpháirtithe idirnáisiúnta a dhéanann ionadaíocht ar rialtais agus ar réigiúin rannpháirteach iontu. I measc tionscnaimh ó rialtais áitiúla agus réigiúnacha tá: an Fóram Idirnáisiúnta maidir le Comhar Shléibhte Cairp, Laethanta Shléibhte Cairp sa Phobal Comharsanachta, mar aon le comhdhálacha agus cruinnithe iomadúla.

([5]) I mí Mheán Fómhair 2018, shínigh ionadaithe ó rialtais san Ungáir, sa tSlóvaic, san Úcráin agus sa Pholainn dearbhú intinne maidir le straitéis mhacrairéigiúnach do Réigiún Shléibhte Cairp a bhunú.

([6]) An Prótacal maidir le Caomhnú agus Úsáid Inbhuanaithe na hÉagsúlachta Bitheolaíche agus Tírdhreacha – 2008, Búcairist; Prótacal maidir le Turasóireacht Inbhuanaithe – 2011, an Bhratasláiv; an Prótacal maidir le Bainistiú Inbhuanaithe Foraoisí – 2011, an Bhratasláiv; an Prótacal maidir le hIompar Inbhuanaithe – 2015, Mikulov agus an Prótacal maidir le Talmhaíocht Inbhuanaithe agus an Fhorbairt Tuaithe – 2017 Lillafüred.

([7]) Gné thábhachtach i bpróiseas lánpháirtiú na hEorpa is ea an comhar laistigh de Choinbhinsiún Sléibhte Cairp, ina bhfuil na seacht dtír de Shléibhte Cairp – Poblacht na Seice, an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin, an tSeirbia, an tSlóvaic agus an Úcráin – rannpháirteach, mar, de bhreis ar Bhallstáit de chuid an Aontais Eorpaigh, tá dhá thír ann atá ag roinnt teorann leis an Aontas Eorpach: is iad sin an tSeirbia agus an Úcráin.

([8]) Tuairm ó Choiste Eorpach na Réigiún 6422/2018 – Straitéisí macrairéigiúnacha, amhail straitéis na Danóibe: creat chun cnuasaigh trasnáisiúnta a chur chun cinn, rapóirtéir: Dainis Turlais (LV/ALDE) (níl leagan GA ann, teideal aistrithe).

23. den tuairim nach mór aghaidh a thabhairt go práinneach ar an dídhaonrú agus ar an daonra atá ag dul in aois i réigiún Shléibhte Cairp; dá bhrí sin, ba cheart go dtabharfaí tús áite, mar chuid den chomhar laistigh de straitéis mhacrairéigiúnach do Shléibhte Cairp, do sholáthar seirbhísí bunúsacha sóisialta a fhorbairt i Sléibhte Cairp, go háirithe na seirbhísí sin a bhaineann le rochtain ar an oideachas, an tsláinte agus an cuimsiú sóisialta;

24. ag tabhairt dá aire gur cheart na gníomhaíochtaí atá molta sa straitéis a bheith dírithe ar chomhar inbhuanaithe eacnamaíoch a neartú in earnálacha macrairéigiúnacha straitéiseacha (an tionscal glan, an turasóireacht inbhuanaithe agus earnáil agraibhia), trí chnuasaigh gníomhaíochta Shléibhte Cairp a fhorbairt, mar aon le héiceachóras nuálaíochta macrairéigiúnach. Leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe, ba cheart díriú ar úsáid éifeachtach acmhainní áitiúla, lena n-áirítear trí dheimhniúchán, trí bhranda coiteann do Shléibhte Cairp a thabhairt isteach le haghaidh tairgí agus trí acmhainneacht chomhroinnte tíortha agus réigiún Shléibhte Cairp. Ba cheart díriú freisin ar limistéir ina bhfuil dálaí socheacnamaíocha is lú fabhar a neartú agus iad a áireamh sa phróiseas forbartha chun feabhas a chur ar iomaíochas an mhacrairéigiúin ina iomláine;

25. ag cur i bhfáth gur dlúthchuid d'fhorbairt an mhacrairéigiúin é luach comhshaoil réigiún Shléibhte Cairp. Is féidir feabhas a chur ar cháilíocht an chomhshaoil sa réigiún má dhéantar an méid seo a leanas: comhar macrairéigiúnach a fheabhsú d'fhonn an comhshaol nádúrtha a chaomhnú agus a chosaint, rioscaí nadúrtha a bhainistiú, an t-athrú aeráide a laghdú agus oiriúnú dó agus do na héifeachtaí a bhaineann leis agus ábhar atáirgthe á bhainistiú, lena n-áirítear trí bhainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí, agus trí gníomhaíochtaí oideachais a chur i gcrích d'fhonn feasacht éiceolaíoch a mhéadú. Trí ghníomhaíochtaí a chomhordú ar fud réigiún Shléibhte Cairp, féadfar barainneachtaí scála a ghiniúint.

26. den tuairim nach mór ról gníomhach a bheith ag limistéar Shléibhte Cairp ina iomláine agus nach mór dó cuidiú go mór le beartas an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an athrú aeráide agus é mar aidhm choiteann aige na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a bhaint amach. Cuireann an Coiste i bhfios go láidir go bhfuil sé riachtanach foraoisí Shléibhte Cairp a chaomhnú i ngeall ar an ról tábhachtach atá acu i laghdú astaíochtaí $CO_2$ agus an tábhacht atá ag baint leo i ndáil le coinneáil uisce, cosaint ithreach agus an bithéagsúlacht a chaomhnú;

27. den tuairim gur gá tionscnaimh maidir le hiomaíochas agus nuálaíocht an réigiúin a mhéadú a bheith nasctha le go mbeidh sé níos inrochtana. Ní féidir gníomhaíochtaí a chur i gcrích i limistéir eile mura bhfuil iompar inbhuanaithe agus bonneagar digiteach agus sóisialta ann. Trí ghníomhaíochtaí comhpháirteacha a dhéanamh sa limistéar seo, is féidir réigiún Shléibhte Cairp a oscailt agus comhtháthú inmheánach an réigiúin a neartú, mar aon le cur le naisc thrasteorann;

28. ag tabhairt le fios gur gnéithe tábhachtacha iad pleanáil spáis agus comhar laistigh den réigiún d'fhorbairt chuimsitheach réigiún Shléibhte Cairp. Is í cáilíocht ghníomhaíochtaí na-institiúidí, lena n-áirítear údaráis áitiúla, a chineann cáilíocht an chomhair, agus dá bhrí sin, ionchais d'fhorbairt an mhacrairéigiúin. Ba cheart tagairt a dhéanamh sa straitéis do shainiúlachtaí na líonraí lonnaíochta i Sléibhte Cairp (i.e. an líon mór bailte beaga atá lonnaithe i ngleannta), mar aon leis na pobail thréadacha thraidisiúnta a bhfuil cónaí orthu ag airdí arda atá níos laige le blianta anuas de dheasca athruithe socheacnamaíocha. Tá sé tábhachtach na naisc fheidhmiúla a fhorbairt idir na limistéir sna Sléibhte Cairp agus na limistéir máguaird agus ionaid uirbeacha a neartú freisin.

29. ag déanamh tagairt dá thuairim roimhe seo ([9]) agus ag tabhairt dá aire go gcuirfidh an straitéis mhacrairéigiúnach do réigiún Shléibhte Cairp leis na gníomhaíochtaí arna ndéanamh i straitéis na Danóibe atá ann cheana, toisc go n-áirítear ann sainiúlachtaí réigiún Shléibhte Cairp. Tugann an Coiste le fios gurb í an straitéis maidir le réigiún na Danóibe (EUSDR, 2010) an straitéis mhacrairéigiúnach is mó san Aontas Eorpach ó thaobh méide de agus tá cuid den limistéar seo clúdaithe le Straitéis an Aontais do Réigiúin na nAlp (EUSALP, 2016) agus le straitéis an Aontais Eorpaigh don réigiún Aidriadach agus Iónach (EUSAIR, 2014), agus ní thagann droch-éifeachtaí as an straitéis sin. Creideann an Coiste go mbeidh sé comhchosúil i gcás straitéis Shléibhte Cairp;

30. ag athdhearbhú agus ag deimhniú an fhormheasa arna dtabhairt an iliomad uaireanta i dtuairimí dá chuid ([10]) maidir le straitéis mhacrairéigiúnach a fhorbairt do Réigiún Shléibhte Cairp agus creideann an Coiste gur tionscnamh dea-fhorbartha é a dhéantar ar gach leibhéal rialtais – ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil;

31. ag meabhrú gur iarr an Chomhairle spreagadh polaitiúil athnuaite a bheith ann do straitéisí macrairéigiúnacha agus gur léirigh sí a hullmhacht chun anailís a dhéanamh ar thionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm leo straitéisí nua a bhunú ([11]);

---

([9]) Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún 6422/2018 (níl leagan GA ann, teideal aistrithe).

([10]) Lena n-áirítear na tuairimí seo a leanas: straitéisí macrairéigiúnacha, amhail straitéis na Danóibe: creat chun cnuasaigh trasnáisiúnta a chur chun cinn, tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún 6422/2018 (níl leagan GA ann, teideal aistrithe); Straitéisí macrairéigiúnacha de chuid an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme, tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún 2554/2017 (níl leagan GA ann, teideal aistrithe); Tuairim maidir le beartas comhtháthaithe amach anseo (2017/C 306/03).

([11]) COM(2019) 21 final – doc. 5927/19 + ADD 1.

32. ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach tacú leis an tionscnamh maidir le straitéis mhacrairéigiúnach a fhorbairt do Réigiún Shléibhte Cairp mar straitéis mhacrairéigiúnach bhreise agus ba é an dara straitéis a thabharfadh aghaidh ar réigiún Eorpach a bhfuil saintréithe shléibhtiúla aige;

33. den tuairim gur féidir, leis an ionstraim don straitéis mhacrairéigiúnach, úsáid níos éifeachtaí a bhaint as na hacmhainní airgeadais atá ar fáil mar chuid de chuspóir an Chomhair Chríochaigh Eorpaigh, trí chóras inmharthana a bhunú maidir le cómhaoiniú agus gníomhaíochtaí a chur chun feidhme a thacaíonn leis na réigiúin i dtíortha Shléibhte Cairp. Cuirfidh sé sin feabhas freisin ar rochtain na réigiún ar fhoinsí maoiniúcháin Eorpacha ([12]);

34. ag aithint dó an tionchar dearfach atá ag Coinbhinsiún Sléibhte Cairp, agus an tábhacht a bhaineann lena chuspóirí agus le cóineasú na cuspóirí sin le tosaíochtaí an Aontais, tá an Coiste ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach dul i mbun gnímh chun go mbeidh an tAontas ina pháirtí sa Choinbhinsiún agus tugann sé le fios go bhfuil sé ina pháirtí i gCoinbhinsiún na nAlp cheana.

An Bhruiséil an 4 Nollaig 2019.

*Uachtarán*
*Choiste Eorpach na Réigiún*
Karl-Heinz LAMBERTZ

([12]) Agus aird á tabhairt ar na conclúidí ón gComhairle Eorpach agus ar thuairimí de chuid Choiste Eorpach na Réigiún, lena n-áirítear tuairim 2017/C/306/03 ó Choiste Eorpach na Réigiún (níl leagan GA ann, teideal aistrithe), ina n-éilítear go mbeidh Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa bunaithe ar chur chuige ina ndíreofar ar limistéir shonracha, agus ina ndeirtear gur cheart beartas agus idirghabhálacha de chuid an Aontais Eorpaigh a bheith dírithe ar fhadhbanna a mbíonn tionchar acu ar limistéir shonracha inar cheart, i ngeall ar a staid shoch-eacnamaíoch, bearta sonracha a ghlacadh faoi CFAE.